C/2024/5479

10.9.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11720 — ENGIE / MACQUARIE / TAG SOUTH)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/5479)

1. An 30 Lúnasa 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— ENGIE S.A. ('ENGIE', an Fhrainc),

— MIP VI International AIV, L.P. ('MIP VI', Ceanada), faoi rialú deiridh Macquarie Group Limited ('Macquarie Group', an Astráil),

— TAG Pipelines Sur, S. de R.L. de C.V. ('TAG SOUTH', Meicsiceo), faoi rialú ENGIE agus Brookfield Corporation ('Ceanada').

Gheobhaidh ENGIE agus MIP VI rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar TAG SOUTH.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is grúpa domhanda é ENGIE a bhfuil a cheanncheathrú aige sa Fhrainc agus atá gníomhach in earnálacha an fhuinnimh ísealcharbóin, an gháis agus na seirbhísí,

— Is ciste é MIP VI a bhfuil a cheanncheathrú aige i gCeanada agus a bhfuil baint aige leis an infheistíocht i sócmhainní fuinnimh agus bonneagair atá lonnaithe i Meiriceá Thuaidh agus i Meiriceá Theas, agus atá faoi rialú deiridh Macquarie Group. Is grúpa Astrálach in earnáil na seirbhísí airgeadais domhanda é Macquarie Group,

— Tá córas iompair gáis nádúrtha i Meicsiceo ag TAG SOUTH agus déanann sé an córas sin a fhorbairt, a thógáil agus a oibriú.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11720 — ENGIE / MACQUARIE / TAG SOUTH

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË